RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/140 ÓN gCOIMISIÚN

an 1 Feabhra 2021

lena bhformheastar leasú nach mion ar shonraíocht ainm a iontráladh i gclár na n-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint agus na dtásc geografach faoi chosaint, is é sin "Munster"/"Munster-Géromé" (STFC)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta is infheidhme maidir le táirgí talmhaíochta agus bia-earraí ([1]), go háirithe Airteagal 52(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 53(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, tá scrúdú déanta ag an gCoimisiún ar iarratas na Fraince ar fhormheas leasaithe ar shonraíocht an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint "Munster"/ "Munster-Géromé" atá cláraithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/96 ón gCoimisiún ([2]).

(2) I litir dar dáta an 8 Lúnasa 2019, chuir údaráis na Fraince in iúl don Choimisiún gur deonaíodh idirthréimhse faoi Airteagal 15(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, dar críoch an 31 Nollaig 2023, d'oibreoirí atá bunaithe ar a gcríoch féin a chomhlíonann coinníollacha an Airteagail sin i gcomhréir le hOrdú an 18 Iúil 2019 lena leasaítear Ordú an 8 Samhain 2018 maidir leis an leasú ar shonraíocht an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint "Munster"/ "Munster-Géromé", a foilsíodh an 26 Iúil 2019 in *Iris Oifigiúil Phoblacht na Fraince* ([3]). Liosta na n-oibreoirí dar tairbhe an idirthréimhse seo, is liosta é atá i gceangal leis an ordú sin ó Phoblacht na Fraince. Le linn an nós imeachta freasúra náisiúnta, na hoibreoirí a chuir "Munster"/"Munster-Géromé" ar an margadh go dleathach ar feadh tréimhse nár ghiorra ná 5 bliana sular comhdaíodh an t-iarratas, is amhlaidh a d'eisigh siad agóid. Rinne 19 n-oibreoir agóid i gcoinne na forála seo a leanas: "An bainne a úsáidtear chun 'Munster'/'Munster-Géromé' a tháirgeadh, is bainne de chuid na bpórtha seo a leanas amháin é, nó bainne de phór measctha idir na pórtha seo a leanas: Vosges, Simmental, Prim'Holstein, Montbéliarde. Sa chás sin, ní ghlacfar ach le ba de shliocht tairbh folaíochta de cheann de na ceithre phór atá sainmhínithe thuas". Chuir 14 oibreoir i gcoinne na forála seo a leanas: "Ar an meán bliantúil, is sa limistéar geografach a dhéantar ar a laghad 95 % de chion bunúsach an tréada déiríochta (ina ábhar tirim) a tháirgeadh". Chuir ceathrar oibreoirí i gcoinne na forála seo a leanas: "Ar an meán bliantúil, is ar an ngabháltas a dhéantar ar a laghad 70 % de chion bunúsach an tréada déiríochta (ina ábhar tirim) a tháirgeadh". Chuir deichniúr oibreoirí i gcoinne na forála seo a leanas: "I bhfoirm amháin nó i bhfoirm nach í, is féar (ina ábhar tirim) do bha déiríochta ar a laghad 40 % den chion bunúsach ar an meán bliantúil agus ar a laghad 25 % den chion bunúsach gach lá den bhliain". Chuir 13 oibreoir i gcoinne na forála seo a leanas: "An féarach a bheidh faoi gach bó déiríochta, is rud nach lú ná limistéar 10 n-acra a bheidh ann£. Chuir seachtar oibreoirí i gcoinne na forála seo a leanas: "Beidh [na ba bainne] ar féarach ar a laghad 150 lá in aghaidh na bliana". Chuir dháréag oibreoirí i gcoinne na forála seo a leanas: "An dlúthbhia a úsáidtear, ní rachaidh sé thar 1,8 tona d'ábhar tirim in aghaidh na bliana agus in aghaidh na bó". Chuir cúigear oibreoirí i gcoinne na bhforálacha seo a leanas: "Le linn aibiú na cáise, teastaíonn atmaisféar ar leith (taise choibhneasta nach lú ná 90 %) […]. Le linn chéim an ghiosta, beidh an teocht níos mó ná 16 °C nó cothrom le 16 °C. Le linn chéim na cóireála taise, is idir 10 °C agus 16 °C a bheidh teocht an tsiléir aibithe".

(3) Ós rud é nach mionleasú atá i gceist de réir bhrí Airteagal 53(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, d'fhoilsigh an Coimisiún an t-iarratas ar leasú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* faoi mar a cheanglaítear le hAirteagal 50(2)(a) den Rialachán sin ([4]).

(4) I gcomhréir le hAirteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, ós amhlaidh nár tugadh aon fhógra faoi agóid don Choimisiún, is é is iomchuí formheas a dhéanamh ar an leasú ar an tsonraíocht,

([1]) IO L 343, 14.12.2012, lch. 1.
([2]) Rialachán (CE) Uimh. 1107/96 ón gCoimisiún an 12 Meitheamh 1996 maidir le tásca geografacha agus ainmniúcháin tionscnaimh a chlárú faoin nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 17 de Rialachán (CEE) Uimh. 2081/92 ón gComhairle (IO L 148, 21.6.1996, lch. 1).
([3]) Iris Oifigiúil Phoblacht na Fraince Uimh. 0172 an 26 Iúil 2019, téacs Uimh. 75.
([4]) IO C 295, 2.9.2020, lch. 5.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An leasú ar an tsonraíocht a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* maidir leis an ainmniúchán "Munster"/"Munster-Géromé", (STFC) is leasú é atá formheasta anois.

Airteagal 2

An chosaint a dheonaítear faoi Airteagal 1, is cosaint í atá faoi réir na hidirthréimhse a dheonaíonn an Fhrainc faoi Airteagal 15(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 d'oibreoirí a chomhlíonann coinníollacha an Airteagail sin, de bhua Ordú an 18 Iúil 2019 lena leasaítear Ordú an 8 Samhain 2018 maidir leis an leasú ar shonraíocht an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint "Munster"/"Munster-Géromé" a foilsíodh an 26 Iúil 2019 in *Iris Oifigiúil Phoblacht na Fraince*.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 1 Feabhra 2021.

Thar ceann an Choimisiúin,
Ar son an Uachtaráin,
Janusz WOJCIECHOWSKI
Comhalta den Choimisiún